

Osclaíonn Áras Stair na hEorpa Spásanna Fionnachtana do Theaghlaigh

*Criosanna nua don fhoghlaim idirghníomhach a thugann deis do leanaí agus do theaghlaigh
dul siar agus aniar san am*

11 Márta 2018, AN BHRUISÉIL: D’oscail Áras Stair na hEorpa a Spásanna Fionnachtana do Theaghlaigh go hoifigiúil inniu, ina gcuirtear ar fáil do leanaí idir 6-10 bliana d’aois taispeántais spráíúla agus mealltacha ar ghnéithe de stair na hEorpa. Is iad an Bhanfhlaith Europa agus a deartháir Cadmus atá ina gcinn feadhna ar leanaí atá ag taisteal siar agus aniar san am i spás le hachar 400 m² agus atá ar 4 hurlár agus ina dtugtar an deis dóibh iad féin a thumadh san ábhar atá sa taispeántas. Agus iad ag déanamh a mbealach tríd, beidh na leanaí in ann an stair a bhraistint, ar bhealach nach bhféadfaí é sin a dhéanamh riamh roimhe seo, trína bolú, í a bhrath agus maireachtáil inti trí bhíthin, mar shampla, cluichí rólimeartha i nGníomhaireacht Taistil ó na 1960idí, dul chuig Gailearaí na bhFeisteas agus a bheith in ann siúl i mbróga spásaire nó altra ó na 1940idí, nó streachailt le róbait agus fomhuireáin faoi mar a samhlaíodh iad san am a chuaigh thart san Eoraip. Is cur chuige foghlama bunaithe ar fhionnachtain atá in úsáid sna gníomhaíochtaí agus cuirtear béim ar a bheith fiosrach, rudaí nua a chumadh, agus go fíorthábhachtach, a bheith ag spraoi.

Dúirt Stiúrthóir an Mhúsaem, Constanze Itzel: *‘Is mó a thaitneoidh sé le duine 6-10 bliana d’aois “Tá tú ar tí taisteal siar san am agus cuairt a thabhairt ar an saol a bhí ann roimhe seo” a chloisteáil ná “Tá tú chun cuairt a thabhairt ar mhúsaem staire!” Trí na Spásanna Fionnachtana do Theaghlaigh tá uirlisí á dtabhairt againn do thuismitheoirí chun go mbeidh siad in ann, in éineacht lena gclann, aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna faoi shochoaí na linne seo i dtimpeallacht shlán spráíúil agus ar bhealach atá in oiriúint dá n-aois. Mar shampla, sa chluiche rólimeartha den Gníomhaireacht Taistil ó na 1960idí, féadfaidh leanbh tuiscint a fháil nach é amháin go raibh a sheantuismitheoirí óg tráth, ach go raibh an riocht geopholaitiúil a bhí ar an Eoraip an uair sin go hiomlán éagsúil ón riocht atá uirthi sa lá atá inniu ann. Tacaíonn sé sin leis an gcuspóir foghlama atá againn chun lúb cheangail na gcuimhní a dhoimhniú ó glúin go glúin.’*

Dúirt an Ceann Foghlama, Ewa Goodman: *‘Roghnaigh an Fhoireann Foghlama cur chuige nár leag béim ar theicneolaíocht nuair a chuaigh siad i mbun na Spásanna Fionnachtana do Theaghlaigh a thógáil, rud a fhágann nár bacadh le scáileáin agus táibléid ionas go bhféadfaí dlús a chur le rannpháirtíocht dáiríre le daoine eile agus le hobair bhuíne. D’fhorbair ár saineolaithe oideachais trasnáisiúnta cluichí idirghníomhacha amhail na stáisiúin vótála agus ‘dear do chathair féin’, rud a thugann an deis do leanaí a dtuairim a nochtadh i dtaobh dhúshláin an lae inniu agus rud a spreagann idirphlé lena dtuismitheoirí agus lena n-oideoirí. Tríd is tríd, ba mhaith linn go spreagfaidh an músaem fiosracht leanaí faoin domhan mórthimpeall orthu.’*

Maidir le hÁras Stair na hEorp

D’oscail Áras Stair na hEorpa i mBealtaine 2017 sa cheantar Eorpach sa Bhruiséil. Cuairt uathúil atá i ndán dóibh siúd a thugann cuairt ar ghailearaithe na mbuantaispeántas. Tumtar na cuairteoirí i stair an naoú haois déag agus an fichiú aois, agus déantar forbairt na lánpháirtíochta Eorpaí a thaiscéaladh. Is féidir le cuairteoirí eolas a chur ar an gcaoi ar bunaíodh an Eoraip agus ar a forbairt, agus iad ag foghlaim faoi éagsúlacht na mór-roinne agus faoin iliomad léirmhínithe stairiúla ar a scéal. Is dearcadh tras-Eorpach atá i gceist leis an deis foghlama sa mhúsaem ina ndéantar iniúchadh ar na cuimhní stairiúla, ar na rudaí éagsúla a bhain de dhaoine agus ar an ní atá i gcoiteann ag muintir na hEorpa agus ar an gceangal atá acu sin leis an lá atá inniu ann. Tá saorchead isteach sa mhúsaem ina bhfuil taispeántais i 24 theanga.

Le haghaidh tuilleadh faisnéise, téigh i dteagmháil le William Parker-Jenkins, Preasoifigeach william.parker-jenkins@ep.europa.eu, + 32 2 283 0541, + 32 496 821 214

Le haghaidh íomhánna agus físeáin d’Áras Stair na hEorpa:
https://drive.google.com/drive/folders/1H86POef3AZU9YRId54Z_RqClKnEf43CB

Image and video copyright text: © European Union, 2018 – EP